# SuperValu Bailte Slachtmhara

Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol

## Leabhrán Eolais **2024**




Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

SDG CHAMPION

LOCAL ACTION GLOBAL IMPACT

SuperValu

## Oibrithe Deonacha Bailte Slachtmhara,



Fáilte chuig comórtas Bailte Slachtmhara SuperValu.

I mbliana, beidh an comórtas á reáchtáil don 66ú bliain agus tá an comórtas fós ar cheann de na tionscnaimh inbhuanaithe, chomhshaoil agus phobail is tábhachtaí agus is cáiliúla dá bhfuil ann.

Gluaiseacht phobail ar leith is ea gluaiseacht na mBailte Slachtmhara, lenar athraíodh bailte agus sráidbhailte na tíre ó bhonn, agus lena ndearnadh áiteanna níos tarraingtí díobh chun maireachtáil iontu, oibriú iontu, cuairt a thabhairt orthu agus clann a thógáil iontu.

Tá an comórtas ag dul ó neart go neart agus níor bheag an bhaint a bhí aige sin leis an gclár a d'fhorbair oibrithe deonacha na mBailte Slachtmhara le blianta fada.

Mar gheall ar thionscadail faoi threoir na mBailte Slachtmhara, cuireadh feabhas mór ar an timpeallacht áitiúil – bíodh spásanna poiblí agus limistéir ghlasa nó sráideanna, bóithre, bóithríní agus bealaí siúil i gceist.

Mar Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, tacaím go díograiseach le grúpaí Bailte Slachtmhara agus táim go mór ar a son. Ón tráth a bunaíodh mo Roinnse sa bhliain 2017, cuireadh maoiniú breis agus €9.5 milliún ar fáil chun cuidiú leis na grúpaí seo ina gcuid iarrachtaí.

Bhí ról ríthábhachtach ag grúpaí na mBailte Slachtmhara chun tacú agus cur le cuspóir an rialtais lena chinntiú go mbeadh bailte ina moil inbhuanaithe agus rathúla de ghníomhaíocht shóisialta agus tráchtála de réir mar atá leagtha amach sa Bheartas Náisiúnta Forbartha Tuaithe, Ceantair Thuaithe na hÉireann, agus sa bheartas Lár Bailte ar dTús.

Glacadh go fonnmhar leis an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí agus tá sé ina chnámh droma ag go leor de ghníomhaíochtaí ghrúpaí na mBailte Slachtmhara i láthair na huaire, agus is mór an spreagadh é an 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe ó na Náisiúin Aontaithe a bheith á gcur san áireamh lena chinntiú go mbeidh inbhuanaitheacht agus bithéagsúlacht ina ngnéithe lárnacha dár gcuid iarrachtaí.

Mar gheall ar na Gradaim Speisialta atá ceangailte leis an gcomórtas, tugtar gné bhreise do ghrúpaí agus is dóigh bhreise atá sna gradaim chun aird a tharraingt ar na tionscadail agus tionscnaimh iontacha ar a bhfuil grúpaí na mBailte Slachtmhara ag obair fud fad na tíre.

Tá airgead duaise nach beag ceangailte leis na gradaim seo a bhfuil sé i gceist leo aitheantas a thabhairt do chaighdeáin bharr feabhais. Chomh maith leis sin, is dóigh spreagtha iad chun an uaillmhian agus an nuálaíocht a bhaineann le tionscadail a chuirtear i láthair i mbailte agus sráidbhailte ó cheann ceann na tíre a mhéadú.

Molaim go láidir do ghrúpaí cur isteach ar roinnt de na catagóirí seo do Ghradaim Speisialta, agus mar gheall gur cuireadh síneadh leis an dáta deiridh, tá am breise ar fáil chun na hiarratais a chomhlánú. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an hurraitheoirí líonmhara as ucht na tacaíochta a chuir siad ar fáil ar bhonn leanúnach i gcaitheamh na mblianta.

Chomh maith leis sin, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le beagnach 30,000 oibrí deonach agus iad a mholadh as ucht a gcuid ama agus scileanna a chomhroinnt le blianta fada anuas.

Ba chóir daoibh a bheith an-bhródúil as bhur gcuid iarrachtaí áiteanna níos bríomhaire, níos tarraingtí agus níos acmhainní a dhéanamh dár mbailte agus sráidbhailte chun maireachtáil agus oibriú iontu. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas faoi leith a ghabháil lenár n-urraitheoir náisiúnta, SuperValu, atá i mbun urraíocht a dhéanamh ar an gcomórtas le breis agus tríocha bliain anois agus cuirim fáilte roimh an deis leanúint den chomhpháirtíocht seo sna blianta atá amach romhainn.

Ar deireadh, ba mhaith liom buaiteoir na bliana anuraidh, Mainistir Laoise i gContae Laoise, a mholadh. Bhí an bua tuillte go maith acu agus táim cinnte go mbeidh siad san iomaíocht chun a dteideal a chosaint i mbliana. Guím gach rath oraibh ar fad i gcomórtas na bliana 2024 agus táim ag súil le casadh libh le linn Shearmanas na nGradam níos deireanaí sa bhliain.

Go raibh míle maith agaibh go léir.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

**Heather Humphreys TD**
An tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail

## A Oibrithe Deonacha na mBailte Slachtmhara, a chairde



Agus muid ag cur tús le comórtas Bhailte Slachtmhara SuperValu na bliana seo, ba mhaith liom fáilte a chroí a chur romhaibh thar ceann SuperValu agus ár miondíoltóirí áitiúla ar fad. Fáilte ar ais roimh na rannpháirtithe go léir atá ag filleadh orainn agus a raibh baint ríthábhachtach acu i gcaitheamh na mblianta leis an rath a bhíonn ar Bhailte Slachtmhara SuperValu. Agus sibhse atá linn den chéad uair, tá fáilte romhaibh agus tá ríméad orainn sibh a bheith ar bord.

Tá an dúthracht, an díograis agus an tiomantas a léiríonn oibrithe deonacha na mBailte Slachtmhara dá bpobail áitiúla i gcroílár Bhailte Slachtmhara SuperValu. Sin é an fáth gur tionscnamh speisialta ar leith atá ann, nach bhfuil a shárú le fáil san Eoraip. Is é an tiomantas céanna seo atá againne in SuperValu - pobail bhríomhara, inbhuanaithe a thugann aire dár bpláinéad a chruthú. Ba mhór an onóir dúinn é nuair a athainmniú muid mar Churadh do Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) in 2023, agus aitheantas á thabhairt dár dtiomantas leanúnach i leith na hinbhuanaitheachta.

I SuperValu, creidimid go mbíonn tionchar domhanda ag gach gníomh a dhéantar go háitiúil. Agus breis agus 1,000 Coiste Bailte Slachtmhara Áitiúla ar an bhfód le tacaíocht ó mhiondíoltóirí SuperValu, bhí gníomhartha inbhuanaithe le feiceáil againn i ngach uile áit beo inár mbailte, sráidbhailte agus pobail. Déanann oibrithe deonacha na mBailte Slachtmhara, trí thionscadail amhail conairí pailneoir-bháúla a chothú, fásraí dúchasach a athbhunú, bogaigh a chosaint, agus tionscnaimh chaomhnaithe uisce a chur i bhfeidhm, a dtionchar a leathnú amach níos faide ná a bpobail féin, chun an timpeallacht a shaibhriú do na glúnta atá le teacht.

Cé go nglacann os cionn 30,000 oibrí deonach idir óg agus aosta páirt i mBailte Slachtmhara SuperValu gach uile bhliain, tá sé ríthábhachtach go meallfaí tuilleadh oibrithe deonacha ar na coistí áitiúla, chun a chinntiú go mbeidh rath ar an gcomórtas. Caithfear rannpháirtithe níos óige a mhealladh ionas gur féidir gluaiseacht fhíor-idirghlúine a chothú, a mbeidh ról ríthábhachtach aici ó thaobh dul i ngleic leis an athrú aeráide. Léiríodh é seo nuair a seoladh an tionscnamh de chuid SuperValu, Let's GROW, i gcomhpháirtíocht le GIY in 2023. Thug an tionscnamh seo deis do bhreis agus 50,000 páiste bunscoile foghlaim faoi bhia a fhás ar scoil agus spreag sé iad le páirt a ghlacadh i mBailte Slachtmhara SuperValu.

Chun a chinntiú go mbeidh rath i gcónaí ar Bhailte Slachtmhara SuperValu agus go leanfaidh sé air ag fás, iarraim oraibh leanúint ar aghaidh ag plé leis na hoibrithe deonacha agus go deimhin leis na hoibrithe deonacha óga in bhur bpobail féin, d'fhonn teacht i dtír ar a bhfuinneamh dearfach agus a dtacaíocht. Tá sé ríthábhachtach go mbeidís páirteach, más uainn todhchaí inbhuanaithe a chruthú dár bpobail agus don phláinéad.

Agus sibh ag tabhairt faoi thuras Bhailte Slachtmhara SuperValu 2024, gabhaim buíochas ó chroí libh as an obair sheasta atá déanta agaibh go dtí seo agus guím gach rath oraibh i gcomórtas na bliana seo. Creidim go diongbháilte go dtosaíonn an gníomhú ar son na haeráide inár bpobail, agus táim ar bís faoi thodhchaí Bhailte Slachtmhara SuperValu agus muiníneach go mbeidh rath air i gcónaí.

**Ian Allen**
Stiúrthóir Bainistíochta, SuperValu

# Fáilte

Fáilte chuig comórtas Bailte Slachtmhara SuperValu 2024. Cuirfear an t-eolas go léir a theastaíonn uait ar fáil sa leabhrán seo le d'iontráil ar chomórtas Bailte Slachtmhara SuperValu 2024 a chomhlánú agus a chur ar aghaidh. Cuirfear na téarmaí agus coinníollacha ar fad a bhaineann leis an gcomórtas ar fáil chomh maith. Tá eolas ar fáil sa leabhrán seo freisin ar gach aon cheann de na gradaim speisialta a bhaineann le comórtas na bliana 2024. Is féidir tuilleadh eolais, lena n-áirítear léarscáileanna, grafpháipéar léarscáile agus Lámhleabhar Bailte Slachtmhara SuperValu, a fháil trí chuairt a thabhairt ar **www.tidytowns.ie**.

## AN tSLÍ LE d'FHOIRM IARRATAIS DO CHOMÓRTAS BAILE SLACHTMHARA SUPERVALU 2024 A CHOMHLÁNÚ

Is féidir an leagan WORD den fhoirm iontrála ar féidir eagarthóireacht a dhéanamh uirthi a fháil ag www.tidytowns.ie

Bí cinnte go léann tú an leabhrán seo sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm iontrála.

Sínigh/cuir d'ainm agus an dáta leis an bhfoirm iontrála sa chuid 'Eolas Faoi do Bhaile' agus cinntigh go bhfuil na 8 catagóir comhlánaithe agat.

Nuair atáthar ag seoladh d'iontráil ar ríomhphost ba cheart é a bheith in aon ríomhphost amháin agus níor cheart dó a bheith os cionn 20MB. Déan seolta agus spam a sheiceáil i do chuntas ríomhphoist chun a chinntiú go bhfuil an ríomhphost seolta.

Uaireanta, is fearr gan an iomarca eolais a chur ar aghaidh. Tá teorainn ar an méid ama a bhíonn ag an Moltóir chun do chuid oibre a athbhreithniú le linn moltóireachta agus, mar sin, ba chóir don ábhar a bheith soiléir agus gonta.

D'fhéadfadh gurb é seo an chéad uair ag an moltóir moltóireacht a dhéanamh ar do bhaile nó sráidbhaile. Cinntigh mar sin go bhfuil léarscáil de do cheantar leis. Tá fáilte romhat mapa ó lámh a chur ar aghaidh chomh fada is go bhfuil eochair eolais ag dul leis agus go bhfuil na séadchomharthaí mór le rá marcáilte air in éineacht le do chuid tionscadail go léir do 2024.

Bíodh do phlean bliantúil Bailte Slachtmhara 3/5 in éineacht le d'iarratas.

Sonraigh ar d'Fhoirm Iontrála gach tionscadal Nua (M) nó Cothabhála (M) faoin gcatagóir cheart agus ar eochair eolais do léarscáile. Mura bhfuil aon obair nua faoi aon chatagóir moltóireachta scríobh 'níl aon obair nua i gceist i mbliana'. Ní ghlacfar le hiontrálacha déanacha ná le hábhar a sheoltar i ndiaidh an spriocdháta. Ba cheart Iontrálacha Comhlánaithe a sheoladh ar ríomhphost chuig; **tidytowns@drcd.gov.ie**

**Dé Céadaoin an 8 Bealtaine 2024 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratas**

**Tabhair do d'Aire**
Ní mór do gach iarrthóir www.tidytowns.ie a chinntiú go bhfuil a n-iontráil do chomórtas na bliana 2024 faighte agus cláraithe. Déanfar gach iontráil chláraithe a uasdátú ar láithreán gréasáin na mBailte Slachtmhara go rialta. Mura mbeidh d'iontráil cláraithe i ndiaidh an 22 Bealtaine déan teagmháil le hAonad na mBailte Slachtmhara trí ghlaoch a chur ar an uimhir 01 773 6938, mura ndéantar sin d'fhéadfaí nach mbeadh d'iontráil cláraithe do chomórtas na bliana 2024.




Clúdaíonn na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na trí ghné d'fhorbairt inbhuanaithe; fás eacnamaíoch, cuimsiú sóisialta agus cosaint an chomhshaoil. Tá 17 SDG ann. Tríd an bhfoirm iontrála feicfidh tú cá bhfuil go leor de na haidhmeanna ailínithe leis na catagóirí éagsúla Bailte Slachtmhara. Sainaithin, más infheidhme, faoi gach catagóir ina bhfuil sé mar aidhm ag do thionscadail nó do thionscnaimh aghaidh a thabhairt ar cheann amháin nó níos mó de na haidhmeanna inbhuanaithe.

Tá naisc ag an gcomórtas Bailte Slachtmhara le go leor de na haidhmeanna agus ba mhaith linn fáilte a chur roimh aon iarracht a dhéanann coistí Bailte Slachtmhara aird a tharraingt ar na haidhmeanna sin agus feasacht a mhúscailt ina leith i do phobal. Is féidir tuilleadh faisnéise faoi na SDGanna a fháil trí chuairt a thabhairt **https://www.gov.ie/en/policy-information/ff4201-17-sustainable-development-goals/**

SuperValu Bailte Slachtmhara
Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol

# Bailte Slachtmhara SuperValu - Téarmaí agus Coinníollacha 2024

1. Is ionann na téarmaí agus coinníollacha seo chomh maith leis na treoirlínte a leagtar amach i Lámhleabhar Bailte Slachtmhara SuperValu nó ar Fhoirm Iontrála Bailte Slachtmhara SuperValu agus rialacha an chomórtais ("na Rialacha"). Trí iarratas a dhéanamh ar an gcomórtas glacann iontrálaithe leis na Rialacha.
2. An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ("an Roinn") a eagraíonn Comórtas Bailte Slachtmhara SuperValu ("an Comórtas"). Sa chás go mbeadh aon díospóid ann, is é cinneadh na Roinne an cinneadh deiridh.
3. Chun iarratas a dhéanamh ar an gComórtas, ní mór gur comhlacht atá a déanamh iarratais thar ceann baile, sráidbhaile, oileán nó ceantair aonair ("baile") an t-iontrálaí agus é a bheith ag obair i dtreo a bheith ionadaíoch ar gach earnáil atá ag cur fúthu nó ag obair sa bhaile.
4. Ní cheadaítear ach iontrálaí amháin in aghaidh gach baile. Sa chás go bhfuil níos mó ná iontrálaí amháin i mbaile, roghnaíodh an Roinn, dá lánrogha féin, iontrálaí amháin díobh le bheith páirteach sa Chomórtas.
5. Ba chóir iontrálacha a dhéanamh ar an mbealach agus faoin dáta deiridh a shonraítear. Ní ghlacfar le hiontrálacha déanacha. Coinnigh an cháipéisíocht tacaíochta chomh achomair agus is féidir go bhfuil an t-am atá ag Moltóirí chun an t-ábhar a athbhreithniú teoranta agus dá bhrí níor cheart ach ábhar a bhaineann leis na tionscadail atá le breithniú a chur ar fáil.
6. Ní mór iontrálacha a sheoladh ar aghaidh go leictreonach chuig **tidytowns@drcd.gov.ie** ar an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais nó roimhe, ba cheart don iontráil a bheith in aon ríomhphost amháin agus níor cheart dó a bheith os cionn 20MB. **Ní féidir iontrálacha a sheoladh ar aghaidh trí DropBox, comhroinnt Comhad Google nó trí aon mhodh comhroinnte comhad eile.**
7. Ba chóir tagairt shoiléir a dhéanamh don chatagóir oiriúnach sa bhfoirm iontrála i gcás gach eolas breise. Tá fáilte curtha ag moltóirí roimh go mbeifear ábalta naisc chuig láithreáin ghréasáin nó chuig ardáin meán sóisialta a chur san áireamh, a bheidh ábalta tacú le do ghníomhaíochtaí nó chun eolas breise a thabhairt. Ba cheart naisc a chur san áireamh chun tacú le hábhar a chuirtear ar fáil san fhoirm iontrála amháin agus ba cheart a laghad naisc agus is féidir a bheith i gceist. Tá tréimhse ama theoranta ag moltóirí chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar a chuirtear ar fáil, cuimhnigh, is fearr gan an iomarca ábhair a chur ar aghaidh. Molaimid go n-aithneofaí gach grianghraf, tagairt a dhéanamh dóibh ar fad go soiléir le heolas ar na tionscadail nó tionscnaimh éagsúla agus an dáta ar ar tógadh an grianghraf.
8. Eiseofar ríomhphost ó sheoladh ríomhphoist Bailte Slachtmhara na Roinne chuig gach comhfhreagras a fhaightear maidir le hiontrálacha na bliana 2024. Déanfar liosta a uasdátú go rialta ar láithreán gréasáin Bailte Slachtmhara ar a mbeidh na hiontrálacha ar fad a bheidh cláraithe do chomórtas na bliana 2024. Ní mór do gach iarrthóir cuairt a thabhairt ar www.tidytowns.ie chun a chinntiú go bhfuil a n-iontráil do chomórtas na bliana faighte agus cláraithe. Mura mbeidh d'iontráil cláraithe seachtain i ndiaidh an spriocdháta; déan teagmháil le hAonad na mBailte Slachtmhara trí ghlaoch a chur ar an uimhir 01 773 6938, mura ndéantar sin d'fhéadfaí nach mbeadh d'iontráil cláraithe do chomórtas na bliana 2024.
9. Bronntar marcanna ar chaighdeán na foirme iarratais. Ní mór don fhoirm a bheith gonta agus tagairt a dhéanamh go soiléir uirthi do gach obair ar tugadh faoi ó Meitheamh 2023. Maidir le tionscadail nua nó cothabhála, tá sé tábhachtach go dtabharfaí mionsonraí maidir lena suíomh agus chun iad a aithint. Chuige sin, cinntigh le do thoil;
   - Go bhfuil suíomh gach tionscadal ar leith marcáilte ar an léarscáil nuair is cuí. Ní gá go mbainfeadh sé seo le nithe áirithe - obair suirbhé mar shampla.
   - Tabhair cuntas gearr ar an tionscadal agus tabhair mionsonraí oiriúnacha.
   - Tabhair le fios cén uair a thosaigh an obair agus cén uair a chríochnaigh sí, nó i gcás tionscadail leanúnacha nó fadtéarmacha an dáta a mheasfar a thabharfar chun críche iad.


Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

10. Tá sé riachtanach go mbeadh léarscáil mhaith den bhaile nó den tsráidbhaile le d'iarratas. Tá glacadh gan amhras le léarscáil ó lámh mura bhfuil teacht ar léarscáil fhoirmeálta priontáilte nó mura bhfuil a leithéid oiriúnach. Ba chóir don léarscáil a bheith inláimhsithe agus de mhéid A4 nó A3 ag brath ar leagan amach do bhaile nó do shráidbhaile. Bíodh gach sráid agus bóthar ar an léarscáil ainmnithe de réir mar is gá agus bíodh foirgnimh phoiblí agus séadchomharthaí marcáilte. Níl sé molta léarscáil Google a úsáid mar nach mbíonn sé soiléir/cruinn go minic. D'fhéadfadh gur mó úsáide a bheadh in Léarscáil 'Áite' Uirbeach (nó Tuaithe mar is infheidhme) de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann. Tá eochair eolais shoiléir ina cuid thábhachtach den léarscáil agus moltar duit eochair eolais a bheith ar bhileog na léarscáile féin. Nuair a bheidh uimhreacha á gcur ar thionscadail, ba chóir duit uimhir a 1 a thabhairt ar do chéad tionscadal faoi Sráid-Dreach & Áiteanna Poiblí, agus ba chóir an tsraith uimhriúil sin a chur i bhfeidhm sna catagóirí ina dhiaidh sin. Níor cheart na huimhreacha céanna a úsáid arís Mura mbeidh léarscáil leordhóthanach ar fáil d'fhéadfaí go gcaillfí marcanna faoin gcatagóir An Pobal - Pleanáil agus Rannpháirtíocht
11. Is féidir gur an-chúnamh iad grianghraif don mholtóir. Is cuidiú mór iad grianghraif a thógfaí roimh an obair agus i ndiaidh na hoibre. Ní mholtar ach dhá grianghraf de gach tionscadal nua a áireamh. Má bhíonn tú ag cur grianghraif san áireamh, molaimid duit iad a chur san áireamh leis an bhfoirm faoin gcatagóir ábhartha nó mar aguisín leis an bhfoirm i gcáipéis WORD, is féidir leat suas le 6 grianghraf a chur ar leathanach A4 go héasca. Cuimhnigh teideal a chur ar gach grianghraf chun go mbeidh a fhios ag an moltóir an tionscadal dá bhfuil sé ag tagairt.
12. Painéal moltóirí arna gceapadh ag an Roinn a roghnóidh buaiteoirí na nduaiseanna. Mura bhfuil a mhalairt ráite, is ar an iontrálaí a bhronnfar na duaiseanna.
13. Scrúdóidh an moltóir tionscadail nua nó tionscadail chothabhála a beidh tugtha chun críche idir an 1 Meitheamh 2023 agus an 8 Beathaine 2024 (spriocdháta an chomórtais). Tosóidh an mholtóireacht 2 seachtain i ndiaidh an spriocdháta.
14. Fógrófar na buaiteoirí i R4 2024 agus bronnfar duaiseanna ar dhátaí arna gcinneadh ag an Roinn. Sa chás go mainnítear glacadh le duais ar an mbealach a shonraíonn an Roinn d'fhéadfaí an duais a tharraingt siar nó buaiteoir eile a roghnú. Forchoimeádann an Roinn an ceart duaiseanna a athrú/a ionadú ag aon am.
15. Ní féidir leis an Roinn freagracht a ghlacadh i leith aon damáiste, caillteanas, díobháil nó díomá a bhainfeadh d'aon iontrálaí a chuirfidh isteach ar an gComórtas nó mar thoradh ar ghlacadh le duais. Níl an Roinn freagrach as duaiseanna a cailleadh/a ndearnadh díobháil dóibh a chur ar fáil an athuair.
16. Ní bhainfear leas as an bhfaisnéis a chuirfear ar fáil ach chun críocha an Comórtas a eagrú agus a chur chun cinn agus aon tionscnamh bainteach. Roinnfear sonraí teagmhála coistí leis na hurraitheoirí agus leis an gcuideachta clódóireachta ar mhaithe le comhfhreagras poist leis na coistí. Scriosfar na sonraí sin i ndiaidh gach cor poist. Déanfar sonraí teagmhála ó choistí a scriosadh i ndiaidh 3 bliana de réir threoirlínte GDPR.
17. Is ionann príomhdhuaiseanna agus duaiseanna a bhronntar ar iontrálaithe de bhua a scór foriomlán sa Chomórtas, arna measúnú faoi na catagóirí seo a leanas:

**Struchtúr Marcála Catagóirí**
- An Pobal-Pleanáil agus Rannpháirtíocht 80
- Sráid-Dreach & Áiteanna Poiblí 80
- Áiteanna Glasa & Tírdhreachú 80
- An Dúlra & An Bhithéagsúlacht i do Cheantar 55
- Inmharthanacht - Mórán ar an mbeagán 55
- Slacht & Smacht ar Bhruscar 90
- Sráideanna a bhfuil Cónaí & Ceantair Tithíochta 55
- Bóithre Isteach, Sráideanna & Lánaí 55

Iomlán 550

18. Is ionann duaiseanna agus duais airgid agus teastas mura ndeirtear a mhalairt.
19. Bronntar an gradam foriomlán, An Baile is Slachtmhaire in Éirinn ar an iontrálaí leis an scór is airde sa Chomórtas. Chomh maith le duais airgid agus teastas, faigheann an buaiteoir an buanchorn (a chaithfear a thabhairt ar ais ina dhiaidh sin don Roinn arna iarraidh), chomh maith le plaic agus maoiniú i leith lá ceiliúrtha an bhliain ina dhiaidh sin. Tá sé tábhachtach go ndéanfá iarratas faoin gCatagóir Daonra ceart.
20. Bronntar na gradaim An Sráidbhaile is Slachtmhaire, An Sráidbhaile Beag is Slachtmhaire, An Baile Beag is Slachtmhaire, An Baile Mór is Slachtmhaire agus an tIonad Uirbeach Mór is Slachtmhaire ar an iontrálaí leis an scór is airde sna catagóirí daonra A & B, C & D, E & F agus G & H faoi seach. Chomh maith le duais airgid agus teastas, faigheann an buaiteoir buanchorn a chaithfear a thabhairt ar ais ina dhiaidh sin don Roinn arna iarraidh. Tá sé tábhachtach go ndéanfá iarratas faoin gcatagóir daonra ceart.
21. Is seo a leanas na catagóirí daonra;

| **Catagóir Daonra** | **Daonra** |
|---|---|
| A | Faoi 200 |
| B | 201 go 1,000 |
| C | 1,001 go 2,500 |
| D | 2,501 go 5,000 |
| E | 5,001 go 10,000 |
| F | 10,001 go 15,000 |
| G | 15,001 go 25,000 |
| H | 25,001 agus thairis |

22. Bronntar na Gradaim Réigiúnacha ar an iontráil a thagann sa chéad áit i ngach ceann de na réigiúin seo a leanas:

| **Réigiún** | **Contaetha** |
|---|---|
| Lár Tíre & an tOirthear | Baile Átha Cliath, Cill Dara, Laois, An Longfort, Lú, An Mhí, Uíbh Fhailí, An Iarmhí, Cill Mhantáin |
| An tIarthuaisceart & an tIarthar | An Cabhán, Dún na nGall, Liatroim, Muineachán, Sligeach, Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin |
| Deisceart & Meán-Iarthar | Corcaigh (Thuaidh), Corcaigh (Theas), Corcaigh (Iarthar), Ciarraí, An Clár, Luimneach |
| An tOirdheisceart | Ceatharlach, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann (Thuaidh), Tiobraid Árann (Theas), Port Láirge, Loch Garman |

23. Bronntar na Gradaim Contae ar iontrálaithe sa dara agus sa chéad áit i ngach contae, (tá Tiobraid Árann roinnte in dhá chuid Thuaidh agus Theas agus Corcaigh i dtrí chuid Thuaidh, Theas agus Thiar) Bronntar an Gradam Endeavour ar iontrálaí i ngach contae a rinne an céatadán dul chun cinn is mó ar scór na bliana roimhe sin.
24. Bronntar Bonn Óir, Airgid nó Cré-Umha ar iontrálaí le scór atá ag teacht faoi réimse sonrach marcanna ó mharc bhuaiteoir foriomlán an chomórtais mar seo a leanas;

    **Ór / Airgead / Cré-umha.**

    Daonra A&B laistigh de 5 / Laistigh de 10 / Laistigh de 15

    Daonra C&D laistigh de 10 / Laistigh de 15 / Laistigh de 20

    Daonra E&F laistigh de 15 / Laistigh de 20 / Laistigh de 30

    Daonra G&H laistigh de 20 / Laistigh de 30 / Laistigh de 40

25. D'fhéadfadh go dtiocfadh tionscnaimh eile chun cinn ó am go ham agus déanfaidh an Roinn teagmháil le bailte incháilithe de réir mar is gá.

# Bailte Slachtmhara SuperValu – Gradaim Speisialta 2024

Tá ríméad orainn roinnt urraitheoirí nua a fhógairt faoin gcatagóir Gradaim Speisialta 2024. Tabharfaidh an t-eolas seo a leanas tuiscint duit ar na gradaim éagsúla agus an duais a théann le gach aon cheann díobh. Má bhíonn aon deacrachtaí agat teacht ar fhoirmeacha iarratais d'aon cheann de na gradaim speisialta, déan teagmháil le hAonad na mBailte Slachtmhara trí ríomhphost a sheoladh chuig tidytowns@drcd.gov.ie nó chuig ríomhphost na n-urraitheoirí a chuirtear ar fáil. Má rinne tú ag déanamh iarratas ar cheann amháin nó níos mó de na Gradaim Speisialta a bhaineann le catagóir Bailte Slachtmhara ba chóir sin a chlárú mar thionscadal ar d'Fhoirm Iontrála Bailte Slachtmhara SuperValu 2024.

**Tabhair do d'aire gur cheart na foirmeacha iontrála comhlánaithe maidir leis na gradaim speisialta éagsúla a sheoladh chuig an ríomhphost a chuirtear ar fáil agus gan iad a sheoladh chuig Aonad na mBailte Slachtmhara.**

**Féach ar shuíomh gréasáin na mBailte Slachtmhara www.tidytowns.ie do tuilleadh eolais faoi na gradaim seo agus le haghaidh na dátaí deiridh.**

## GRADAM THIONSCADAL NA GCRANN

**DUAISCHISTE €1,000**

**Urraithe ag Comhairle Crann na Éireann**

Tionscnamh is ea Gradam Thionscadal na gCrann lena gcuirtear luach ar an tionchar dearfach a bhíonn ag crainn ar an gcomhthimpeallacht fhoriomlán i mbaile nó sráidbhaile. Ní hamháin go leagtar béim ar chrainn a chur i dtosach báire, ach leagtar béim freisin ar chrainn a chothabháil agus a bhunú ar feadh a saolré. Leis an ngradam seo, tugtar aitheantas do Choiste na mBailte Slachtmhara, ar trína gcuid oibre crua a cothaíodh atmaisféar uirbeach coillearnaí laistigh dá bpobal féin. Ina theannta sin, d'fhéadfaí an tionscadal a dhíriú ar sheanchrainn agus crainn sheanbhunaithe a chaomhnú, trí aitheantas a thabhairt don tábhacht nádúrtha, staire, chultúir, luibheolaíochta nó tírdhreacha a bhaineann leo. Déanfar méid agus raon an tionscadail faoina dtugtar, mar aon leis na buntáistí inbhraite a bhaineann leis an tionscadal don phobal, a mheas go cúramach. Chun iarratais a dhéanamh ar an ngradam, bain úsáid as an bhfoirm iarratais maidir le Duais Thionscnamh na gCrann agus cuir ar a laghad ceithre íomhá leis an bhfoirm ina léirítear an bhail a bhí ar an áit sular cuireadh an tionscadal i gcrích agus an bhail atá ar an áit ina dhiaidh. Feidhmeoidh na híomhánna mar fhianaise amhairc maidir leis an tionchar agus claochlú a bhí i gceist leis an tionscadal.

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig:
**www.treecouncil.ie/supervalu-tree-project-award**

## GRADAM TASCFÓRSA BRUSCAR GUMA

**DUAISCHISTE €5,000**

**Urraithe ag an Tascfórsa Bruscar Guma (TBG) uathachais.**

Is í aidhm an Tascfórsa Bruscar Guma (TBG) ná feasacht ar bhruscar guma coganta a ardú trí tionchar a bheith aige ar athrú iompar dearfach timpeall diúscairt bruscar guma agus forfheidhmiú níos láidre den fhíneáil €150.

Ba mhaith leis an TBG cúiteamh a thabhairt do phobail atá ag cur tograí feasacht timpeallachta i bhfeidhm chun fáil réidh le bruscar guma coganta.

Féach ar **https://www.gumlittertaskforce.ie/** chun tuilleadh eolais a fháil

## GRADAM NA GAELTACHTA

**DUAISCHISTE €2,500**

**Urraithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán**

Bronntar Gradam na Gaeltachta ar an dá iontrálaí is airde scór ó cheantar Gaeltachta. Ní mór na Foirmeacha Iarratais a chomhlánú i nGaeilge.

## GRADAM DO DHAOINE ÓGA I MBAILTE SLACHTMHARA

**DUAISCHISTE €5,000**

**Urraithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail**

Is ar an aoisghrúpa idir 16 agus 24 atá Gradam na nDaoine Óga dírithe, na daoine óga atá rannpháirteach i dtionscnaimh agus tionscadail ina ngrúpaí Bailte Slachtmhara i rith na bliana. Níl scoileanna ábalta cur isteach air. Ba chóir iontrálacha a sheoladh ar aghaidh ag baint úsáid as an bhfoirm iontrála Gradam na nDaoine Óga.

Is féidir grianghraif a úsáid chun tacú le bhur n-iarratas. Ba cheart d'iarratasóirí ar Ghradam na nDaoine Óga mar a chinntíonn grúpaí Bailte Slachtmhara go mbíonn baint ghníomhach ag daoine óga san aoisghrúpa 16 go 24 chun cur ar bhonn leanúnach le gníomhaíochtaí Bailte Slachtmhara áitiúla a léiriú, lena n-áirítear ballraíocht, nó rannpháirtíocht dhíreach sna Grúpaí. Ba cheart

tionscnaimh a bhfuil an grúpa ag tabhairt fúthu chun daoine ón aoisghrúpa sin a spreagadh le go mbeidh baint níos mó acu sa choiste a chur san áireamh. Bronnfar an gradam ar an nGrúpa Bailte Slachtmhara a raibh méadú ar rannpháirtíocht daoine ón aoisghrúpa 16 go 24 mar thoradh ar na tionscnaimh a thug siad fúthu, agus a raibh toradh dearfach orthu dá bharr don ghrúpa Bailte Slachtmhara agus don phobal níos leithne ag léiriú mar is féidir le daoine óga ról ceannaireachta gníomhach a bheith acu sa phobal. Chun tuilleadh eolais a fháil féach ar **www.tidytowns.ie**

## GRADAM NA NOILEÁN

**DUAISCHISTE €1,500**

**Urraithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail**

Bronntar Gradam na nOileán ar an dá iontrálaí is airde scór ar oileáin iad nach bhfuil ceangailte leis an mórthír le droichead, atá scoite gach lá ón mórthír de bharr na taoide, a bhfuil cónaí buan air agus nach bhfuil faoin úinéireacht phríobháideach.

## SUPERVALU AGUS ASIAM

**DUAISCHISTE €2,000**

**Urraithe le SuperValu agus AsIAm.**

Tá sé mar aidhm ag an dámhachtain seo aitheantas a thabhairt don sár-obair a dhéanann coistí maidir le glacadh le pobal an uathachais agus é a áireamh. Tá SuperValu agus AsIAm ag obair i gcomhpháirtíocht chun pobail níos cuimsithí a chur chun cinn agus tá an dámhachtain seo chun aitheantas a thabhairt don obair chrua a dhéanann coistí atá ag déanamh athruithe chun uilechuimsitheacht phobal an uathachais a chur chun cinn agus a éascú.
Ina n-iontráil, ní mór do phobail a thaispeáint conas a chuir siad cuimsiú phobal an uathachais chun cinn.
Bronnfar duais de € 2000 ar choiste Bailte Slachtmhara a léiríonn an bealach is fearr le cuimsiú phobal an uathachais trí thionscadail agus thionscnaimh a thacaíonn le huathachas.

Le haghaidh tuilleadh sonraí féach ar **www.AsIAm.ie** nó **www.supervalu.ie**

## AN GRADAM GNÍOMHAITHE AR SON NA HAERÁIDE

**DUAISCHISTE: €6,000**

**Urraithe ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide**

Is é an sprioc fhoriomlán atá leis an nGradam Gníomhaithe ar son na hAeráide, urraithe ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, aitheantas a thabhairt don méid atá pobail áitiúla a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar athrú aeráide. Is é is cuspóir leis an ngradam seo feasacht a ardú ar ghníomhú ar son na haeráide, agus litearthacht aeráide a chur chun cinn, pobail áitiúla a chumasú le hathrú a dhéanamh ag leibhéal áitiúil agus athrú iompair a chur chun cinn sa phobal níos leithne.

**Bronnfar ceithre dhuais:**

1. €2,000 don iontráil is fearr ó shráidbhaile/baile beag (Catagóir A go D)
2. €2,000 don iontráil is fearr ó bhaile mór nó lárionad uirbeach (Catagóir E go H)
3. €1,000 don té a thiocfaidh sa dara háit agus
4. €1,000 don té a thabharfaidh leis an Gradam Óige speisialta.

Tá tuilleadh eolas le fáil ach ríomhphost a sheoladh chuig **Climateawards@decc.gov.ie**

## DÚSHLÁN BAILE AN RIAI

**DUAISCHISTE €5,000**

**Tá an dámhachtain oscailte do gach catagóir.**

**Urraithe ag Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann**

Tá an gradam oscailte do gach catagóir. Urraithe ag Institiúd Ríoga Ailtirí na hÉireann Is áiteanna iontacha conáithe, oibre agus saol sláintiúil taitneamhach a chaitheamh iad bailte mór agus sráidbhailte. Tá áthas ar Institiúd Ríoga Ailtirí na hÉireann tacaíocht a thabhairt do Choistí na mBailte Slachtmhara atá ag obair ar athnuachán nó cruthúnas leithéid áiteanna le seirbhís Ailtire Cláraithe. Oibreoidh an Ailtire le Coiste na mBailte Slachtmhara áitiúil chun 'fís' a chruthú do dhearadh uirbeach ar mhaithe le fadhb a réiteach i do bhaile. Is coimisiún ailtireachta é an gradam.

Má tá deacaireachtaí ag do bhaile nó sráidbhaile, mar shampla le suíomhanna tréigthe, comharthaíocht, easpa spáis phoiblí, trácht nó fadhbanna parcála, tabharfaidh an gradam IRAE deis duit obair le Ailtire Cláraithe chun fís de dhéaradh uirbeach a fhorbairt chun fadhb a réiteach agus chun cur le do bhaile nó sráidbhaile. Tá Ailtirí Cláraithe oilte chun fuaiscailtí a fhorbairt agus sholáthar dár dtimpeallacht thógtha.

Soláthróidh an t-Ailtire Cláraithe coimisiúnaithe anailís na faidhbe mar a leagann Coiste na mBailte Slachtmhara áitiúil amach í, chomh maith le coincheap/fís a fhorbairt chun dul i ngleic léi. Beidh Tuairisc léirithe mar thoradh ar an gcoimisiún, a cuirfear ar fáil go poiblí agus i bhfoirm cur i láthair do Choiste na mBailte Slachtmhara áitiúil.

Is Gradam Speisialta é seo atá urraithe ag an IRAE ar mhaithe le cuir chun cinn dearadh maith uirbeach i mbailte agus sráidbhailte na hÉireann. Is fiú coimisiún ailtireachta ar luach €5,000 an gradam. Is ea is fearr go rachadh Coiste na mBailte Slachtmhara i dteagmháil leis an Údarás Áitiúil maidir leis an tionscadal atá á mholadh acu.

Chun cur isteach ar, líonfaidh coiste áitiúil na mBailte Slachtmhara an fhoirm iarratais, agus scríobhfaidh an coiste alt ghearr a chuireann tréithe dearfacha an bhaile agus a fhadhbanna in iúl. Ba chóir tacú leis seo le grianghraif. Le do thoil téigh go **www.riai.ie** chun a thuilleadh eolais a fháil.

## GRADAM CAOMHNÚ IALTÓG ÉIREANN DUAISCHISTE €1,500

**Arna urrú ag Caomhnú Ialtóg Éireann**

Cuspóir an ghradaim seo is ea urraíocht a dhéanamh ar mhúrmhaisiú ealaíne poiblí nó saothar ealaíne sráide lena dtarraingítear aird ar an tábhacht a bhaineann le hialtóga in éiceachórais na hÉireann mar fheithiditeoirí oíche agus ar an gcuidiú atá tugtha do thaighde eolaíochta mar gheall ar ialtóga i ndáil le hábhair éagsúla amhail róbataic, aosú, leigheas, etc. Don chomórtas seo, ba mhian linn léiriú a fháil faoi mar is féidir ealaín álainn a chruthú atá spreagtha ag ialtóga. Is é an téama don léaráid ná Ialtóga Iontacha! Baineann an gradam le coimisiún ealaíne €1,500 i dtreo an tionscadail.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach **www.batconservationireland.org** nó **www.tidytowns.ie**

## GRADAM EACNAMAÍOCHTA CIORLÁN EPA

**DUAISCHISTE €2,000**

**Urraithe le The Environmental Protection Agency**

Tá Gradam Geilleagar Ciorclach an EPA chun aitheantas a thabhairt do phobail a rinne gníomhaíochtaí a thacaíonn le geilleagar ciorclach. I ngeilleagar ciorclach cuirtear cosc ar dhramhaíl agus déantar táirgí a athúsáid nó a dheisiú lena n-athúsáid. Trí dhramhaíl a chosc agus tacú leis an ngeilleagar ciorclach is féidir linn an leas is fearr a bhaint as ár n-acmhainní agus an comhshaol a chosaint. Tá aon tionscnaimh chun úsáid nó tomhaltas acmhainní (ábhair, táirgí, uisce, fuinneamh) a laghdú, acmhainní / táirgí a roinnt, athúsáid, deisiú nó ath-mhonarú san áireamh; cibé acu ag an bpobal, teaghlaigh, gnólachtaí, scoileanna, le d'údarás áitiúil, nó eagraíochtaí eile. Féadfaidh obair a dhéantar faoin bpríomhchatagóir iomaíochta 'Inbhuanaitheacht - níos mó a dhéanamh le níos lú' a bheith ábhartha don dámhachtain speisialta seo.

Gheobhaidh an buaiteoir náisiúnta foriomlán duais €1,000, agus 2 dhuais dara háit náisiúnta de € 500 an ceann.

Le haghaidh tuilleadh sonraí féach a **cep@epa.ie**

## GRADAM NÁ FÁG AON NÍ I DO DHIAIDH NA MBAILTE SLACHTMHARA

**DUAISCHISTE €1,100**

**Urraithe ag Leave No Trace IrelandGradam Ná Fág RianDuais - €1,000 in éineacht le hoiliúnaí de chuid Ná Fág Lorg ar feadh lá amháin chun cúrsa nó ceardlann Feasachta, rochtain ar Acmhainní Ná Fág Lorg ar líne, agus cur chun cinn ar fud na meán sóisialta a chur ar fáil.**

Agus é ar an gcúigiú bliain dá bheith á reáchtáil, is le Gradam Speisialta Ná Fág Lorg na mBailte Slachtmhara a thugtar aitheantas do phobail as ucht a gcuid iarrachtaí suntasacha i ndáil leis an timpeallacht nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú agus freagracht amuigh faoin aer a chur chun cinn. Trí aitheantas a thabhairt do na pobail seo, tá Ná Fág Lorg Éireann ag féachaint le pobail eile a spreagadh bearta éachtacha a dhéanamh chun áineas amuigh faoin aer a chosaint agus a chur chun cinn. Déan iarratas inniu agus inis dúinn faoin méid atá bainte amach ag do ghrúpa.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach
**www.leavenotraceireland.org**

## AN GRADAM UISCÍ AGUS POBAIL

**DUAISCHISTE €7,000**

**Urraithe ag Iascach Intíre Éireann, Uiscebhealaí Éireann agus ag Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil**

Tá an Gradam Speisialta d'Uiscí agus do Phobail oscailte d'aon ghrúpa pobail a thaispeáin buíochas dá thimpeallacht uisce agus oidhreacht uisce i rith 2022, trí samplaí a thaispeáint de tograí a rinneadh anuraidh, (samplaí san áireamh: tacaíocht bithéagsúlachta agus oidhreacht uisce; eolaíocht saoránaigh; cuir chun cinn iascaireachta; eolas faoi imeachtaí agus togar a ardú; cuir chun cinn Réitigh Dúlra-Bhunaithe; glanadh suas de uiscí áistiúla; soláthar agus uasghrádú d'achmhainn, srl.)

Tá an Gradam speisialta seo urraithe ag Iascaigh Intíre Éireann (IIÉ) www.fisheriesireland.ie (freagrach do bhainistíocht na hiascaigh intíre agus san earnáil slatiascaireacht mara); Uiscebhealaí Éireann www.waterwaysireland.org (freagrach do bhainistíocht uiscebhealaí intíre inseolta) agus Clár Uiscí na hÚdarás Áitiúil (CLUÁ) www.lawaters.ie (ag obair le pobail chun a bheith páirteach ag tabhairt aire d'uiscí áitiúla).

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach
**www.watersandcommunities.ie**

## GRADAM CAOMHNÚ IALTÓG ÉIREANNDUAISCHISTE €1,500

**Arna urrú ag Caomhnú Ialtóg Éireann**

Cuspóir an ghradaim seo is ea urraíocht a dhéanamh ar dhealbh nó saothar ealaíne in áit súgartha lena dtarraingítear aird ar an tábhacht a bhaineann le hialtóga in éiceachórais na hÉireann mar fheithiditeoirí oíche agus ar an gcuidiú atá tugtha do thaighde eolaíochta mar gheall ar ialtóga i ndáil le hábhair éagsúla amhail róbataic, aosú, leigheas, etc. Don chomórtas seo, ba mhian linn léiriú a fháil faoi mar is féidir ealaín álainn a chruthú atá spreagtha ag ialtóga. Is é an téama don léaráid ná Ialtóga Iontacha! Baineann an gradam le coimisiún ealaíne €1,500 i dtreo an tionscadail.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach
**www. batservationireland.org** nó
**www.tidytowns.ie**

## GRADAM LÁR BAILTE AR DTÚS DUAISCHISTE €5,000

**ARNA URRÚ AG AN ROINN FORBARTHA TUAITHE AGUS POBAIL**

Is polasaí tras-rialtais é an Polasaí Lár Bailte ar dTús (LBT) a seoladh i mí Feabhra 2021, agus a bhfuil sé mar aidhm leis láir bhailte a chruthú a fheidhmíonn mar láithreacha inmharthana, bríomhara agus tarraingteacha do dhaoine le maireachtáil iontu, oibriú iontu agus cuairt a thabhairt orthu, le linn dóibh feidhmiú mar mhol seirbhísí, sóisialta, cultúrtha agus áineasa do phobal na háite ag an am céanna freisin. Aithníonn LBT go bhfuil tréithe ar leith ag baint le gach aon bhaile maidir leis na dúshláin, riachtanais agus deiseanna a bhaineann leis, agus is le LBT a leagtar an dúshraith do gach aon bhaile lena bhealach pleanáilte féin chun cinn a fhorbairt ag leibhéal na háite. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ar **www.towncentrefirst.ie**

Leis an nGradam LBT, atá urraithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus ag an Oifig Náisiúnta Lár Bailte ar dTús, aithnítear na hiarrachtaí eiseamláireacha a dhéantar i mbailte chun athnuachan agus athbheochan lár an bhaile a chur chun cinn i gcomhréir leis an bpolasaí agus tugtar aitheantas don ról lárnach atá ag grúpaí na mBailte Slachtmhara i ndáil le forbairt inbhuanaithe a bpobal agus láir bhailte a fheabhsú.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach
**www.tidytowns.ie** nó **www.towncentrefirst.ie**

## AN PLEAN PAILNEORA UILE ÉIREANN - GRADAM PAILNEORA AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL

**DUAISCHISTE €10,000**

**Urraithe ag Oifigí Oidhreachta agus Oifigí Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil ar fud na hÉireann i gcomhpháirtíocht leis an Ionad Sonraí**

Féachann Gradam Pailneora an Údaráis Áitiúil le grúpaí Bailte Slachtmhara a spreagadh chun gníomhartha atá báúil do phailniú a chur i bhfeidhm ar fud bailte agus sráidbhailte mar chuid den chomórtas Bailte Slachtmhara. Tá beacha fiáine na hÉireann, ríthábhachtach do phailniú ár bplandaí, ár gcrann agus ár nglasraí ach tá na beacha ag dul i léig - an chúis atá leis sin ná go bhfuil laghdú tubaisteach déanta ar na limistéir ar féidir le beacha a nead a dhéanamh agus ar an mbia a chuirtear ar fáil dóibh faoin tír. Is é aidhm an ghradaim ná athrú a chur air sin trí ghrúpaí Bailte Slachtmhara a spreagadh bearta simplí atá báúil do phailneoirí a ghlacadh ina gceantair áitiúla féin. Tacaíonn Gradam Pailneora an Údaráis Áitiúil leis an bPlean Pailneora Uile Éireann ag a bhfuil urraíocht ó Oifigí Oidhreachta & Oifigí Bithéagsúlachta na nÚdarás Áitiúil ar fud na hÉireann. Bronnfar €1,000 i ngach ceann den cheithre réigiún sa chatagóir Sráidbhaile/Baile Beag agus sa chatagóir Baile Mór/Lárionad Uirbeach Mór. De na hocht iomaitheoir sa bhabhta ceannais, bronnfar €1,000 breise ar an mbuaiteoir náisiúnta foriomlán. Tá “Gradam don Iontráil Nua Is fearr” freisin ann lena bhfuil duais €1,000.

Chun tuilleadh eolais a fháil féach ar
**www.pollinators.ie**

## MION-DÁMHACHTAIN SCOILE NA MBAILTE SLACHTMHARA

**DUAISCHISTE DE €5,000**

**ARNA URRÚ AG SUPERVALU**

Tá SuperValu ag tabhairt isteach duais nua bhunscoile dar teideal Mion-Dámhachtain na mBailte Slachtmhara.Bímid go léir ag iarraidh go mbeidh deis ag ár bpáistí tuiscint, agus taithí, a fháil ar an iontas a bhaineann le bia dá gcuid féin a shaothrú agus an tábhacht atá i gceist leis an mbithéagsúlacht áitiúil a chosaint, ionas go mbeidh siad in ann fás suas i ndomhan níos sláintiúla.Agus sin an fáth a bhfuil SuperValu ag iarraidh ar gach Bunscoil, i mbliana, a thaispeáint dúinn an obair iontach go léir atá déanta acu chun a dtimpeallachtaí scoile agus a seomraí ranga a fheabhsú.An bhfuil torthaí agus glasraí féin do bhur gcuid féin á saothrú agaibh sa bhunscoil ina bhfuil tú? An bhfuil limistéar tugtha ar ais don fhiántas agaibh ar mhaithe le beacha agus na bithéagsúlachta? An bhfuil limistéar curtha ar leataobh agaibh do bhláthanna atá oiriúnach do phailneoirí?Táimid ag iarraidh oraibh freisin na thionscadail fáis bia agus bhithéagsúlachta atá forbartha agaibh sa scoil a roinnt linn, chomh maith le haon phleananna don todhchaí atá agaibh chun an cheist seo a chur chun cinn sa seomra ranga.Roghnófar grúpa ceannais ó gach ceann de na ceithre réigiún, agus gheobhaidh gach grúpa ceannais díobh €1,000. Ansin, gheobhaidh an buaiteoir iomlán €1,000 sa bhreis air sin.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach
**www.supervalu.ie**

## AN GRADAM OIDHREACHTA

**DUAISCHISTE €3,000**

**Urraithe ag an gComhairle Oidhreachta**

Féachtar leis an nGradam Oidhreachta, atá urraithe ag an gComhairle Oidhreachta, feasacht a ardú ar an tábhacht a bhaineann leis an oidhreacht áitiúil agus mar atá an oidhreacht sin ábalta cur le comhuintearais agus mórtas áite.

Foirgnimh, séadchomharthaí agus ábhar músaeim atá i gceist le hoidhreacht chomh maith le tírdhreacha, fiadhúlra agus coillearnacha dúchasacha, muirdhreacha, geolaíocht, garraithe agus páirceanna oidhreachta, uiscebhealaí intíre, béaloideas agus ceirdeanna.

Tugtar aitheantas do phobail áitiúla leis an nGradam Oidhreachta, pobail a dhéanann gné den oidhreacht a bhainistiú agus a fheabhsú ina gceantar féin, agus a dhéanann í a chur chun cinn i measc lucht spéise níos leithne.

Chun tuilleadh eolais a fháil seol ríomhphost chuig
**mail@heritagecouncil.ie**

SuperValu
Bailte Slachtmhara

Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

SDG CHAMPION

LOCAL ACTION | GLOBAL IMPACT

SuperValu